Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Office of the Commission for Public Service Appointments

Foirm Iarratais ar Cheadúnas Earcaíochta

Faoi Alt 44 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004

1. Sonraí an iarratasóra

Ainm an

Teidæan Shealbhóra Oifige

(Is éard is sealbhóir oifige ann ná duine atá liostaithe faoi alt 44 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí
(Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar cheadúnas earcaíochta agus é a shealbhú. Is chuig an sealbhóir Oifige sa cháil sin a dhéanfar aon iarratas a dheonófar, ní chuig duine aonair laistigh den eagraíocht.

Ainm an duine teagmhála

Sonraí teagm

Mínigh cén fáth a bhfuil cinneadh déanta ag d'eagraíocht an t-iarratas seo a dhéanamh?

Cén cineál ceadúnais a bhfuil tú ag cur isteach air?

Ginearálta ☐

Speisialtóra ☐

Is féidir le comhlacht poiblí iarratas a dhéanamh ar cheadúnas ginearálta nó ar cheadúnas sonrach.
Ligeann ceadúnas ginearálta duit ceapacháin a dhéanamh chuig gach post laistigh den eagraíocht. Ligeann ceadúnas sonrach duit ceapacháin a dhéanamh chuig poist shonraithe amháin, chun críche ar leith, sa chás go bhfuil na cúinsí seo leagtha amach roimh ré.

Mar an earcaitheoir náisiúnta, tá sainordú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoi alt 34(1) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 2004 earcaíocht a dhéanamh don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí in Éirinn. Tabhair tuilleadh eolais ar na fáthanna gur mian le d'eagraíocht earcaíocht a dhéanamh lasmuigh den phróiseas seo?

2. D'eagraíocht

An bhfuil d'eagraíocht faoi shainchúram an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004?

Tá ☐

Níl ☐

m.sh. an bhfuil d'eagraíocht san áireamh san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí?

Cad é reachtaíocht chumasúcháin d'eagraíochta? An gceadaíonn an reachtaíocht seo duit earcaíocht sheachtrach a dhéanamh?

An dtacaíonn do mháthair-Roinn (má bhaineann) le d'iarratas ar cheadúnas earcaíochta? Má tá, tabhair sonraí le do thoil:

Tabhair forbhreathnú ar mhéid d'eagraíochta

Ba cheart go n-áireodh sé seo faisnéis ar an líon foirne atá fostaithe agus ar struchtúr na heagraíochta.

Cad é príomhfheidhm d'eagraíochta?

3. Saineolas

Faoi alt 43(2)b den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (PSMA) 2004 ní mór don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) a bheith sásta

"*gur féidir leis an iarratasóir agus go ndéanfaidh sé nó sí na caighdeáin chuí agus an cód cleachtais a urramú.*"

Agus measúnú á dhéanamh ar chumas iarratasóra ar cheadúnas earcaíochta earcaíocht a dhéanamh de réir cheanglais an PSMA 2004, tá CPSA treoraithe ag a mhéid is féidir le heagraíocht a gcumas cloí lenár gCód Cleachtais agus ár sé chroíphrionsabal maidir le hearcaíocht a thaispeáint:

- Ionracas
- Fiúntais
- Cleachtas is fearr
- Comhsheasmhacht
- Trédhearcacht
- Ceapacháin a chuireann comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn

Tugann na ceisteanna thíos deis duit do chumas acmhainní agus eolais a léiriú chun na caighdeáin seo a bhaint amach

Cad iad leibhéil scileanna agus cáilíochtaí na foirne a bheidh páirteach in earcaíocht agus roghnú?

Ba cheart go gcuimseodh sé seo cur síos ar:

- *Líon agus leibhéal na foirne atá i gceist agus a róil*
- *A dtaithí agus a n-eolas ar earcaíocht/roghnú*
- *Aon scileanna agus/nó cáilíochtaí ábhartha a d'fhéadfadh a bheith acu*

Tabhair breac-chuntas ar an taithí atá ag d'eagraíocht ar na nithe seo a leanas a stiúradh agus tabhair sonraí freisin ar an gcomórtas is déanaí inar úsáideadh an próiseas (má bhaineann):

- **Gearrliostú:** an mbaineann d'eagraíocht úsáid as gearrliostú mar chuid dá próiseas roghnúcháin faoi láthair? Má tá, tabhair sonraí, le do thoil, maidir leis an bpróiseas agus cáilíochtaí na ndaoine a dhéanann é

- **Agallaimh -** an cuid rialta de na próisis roghnúcháin atá agat cheana féin iad na hagallaimh? Tabhair breac-chuntas ar aon mhodhanna agallaimh a úsáidtear i gcomórtais a reáchtálann d'eagraíocht. An

- tagarmharcáil seo agus aon tosca eile a chinntíodorthaí agallamh agus cothrom

- **<u>Tástálacha síciméadracha</u>** - an mbaineann d'eagraíocht úsáid as aon cheann de na modhanna roghnaithe seo a leanas - tástálacha cumais, measúnuithe pearsantachta, fardal úis?

-
-

- **<u>Trialacha samplacha oibre -</u>** an úsáideann tú cásanna breithiúnais staide/ cás-staidéir/ cleachtaí ríomhthráidire, nó cleachtaí grúpa?

- **<u>Físagallaimh réamhthaifeadta</u>** – ar bhain tú úsáid as físagallaimh réamhthaifeadta i do fheachtais roghnúcháin?

- **<u>Ionaid Measúnaithe</u>** - ar bhain d'eagraíocht úsáid as ionaid do chomórtais mhóra?

- **<u>Imréiteach</u>** – an bhfuil próiseas imréitigh feidhmiúil agat atá in ann go hiomlán gach critéar incháilitheachta a sheiceáil roimh aon tairiscint fostaíochta féideartha? (Nb: i dteannta le seiceálacha tagartha, áirítear leis seo seiceálacha Garda, aon seiceálacha slándála nó grinnfhiosrúcháin ábhartha, seiceálacha cáilíochta, seiceálacha coibhéise cáilíochtaí neamh-Éireannacha, srl)

- Conas a chinntíonn tú go **<u>gcomhlíontar an reachtaíocht</u>** san earcaíocht, go háirithe maidir leis an Acht um Míchumas, an GDPR agus Saoráil Faisnéise?

Más 'Níl' an freagra a thug tú ar aon cheann de na ceisteanna, **déan** cur síos gairid breac-chuntas le do thoil ar an bhfáth

4. Earcaíocht agus roghnúchán

Cén cineál ceapacháin a dhéanfar faoi aon cheadúnas a fhéadfar a dheonú?

Cé mhéad ceapachán a dhéanfar gach bliain?

- 0-25
- 25-100
- 100+

Cad iad na próisis earcaíochta agus roghnóireachta a leanfar? (Cuir na doiciméid ábhartha go léir san áireamh mar aguisíní má tá siad rómhór)

Ba cheart go gcuimseodh sé seo faisnéis ar na próisis a bheidh i bhfeidhm ag gach céim den phróiseas roghnúcháin m.sh

- *Margaíocht/fógraíocht*
- *Tástálacha roghnúcháin*
- *Scagadh*

- *Gearrliostú*
- *Agallamh*
- *Painéil*

An bhfuil tú ag súil le comórtais líon mór a stiúradh? Má tá, tabhair sonraí breise le do thoil

5. Comhlíonta

An féidir leat a dheimhniú go ngníomhóidh an eagraíocht i gcomhréir leis na Cóid Chleachtais?

- Tá
- Níl

Tabhair sonraí le do thoil ar conas a bhainfear é seo amach

Ba cheart go n-áireodh sé seo forbhreathnú ar na gníomhartha a dhéanfaidh an eagraíocht chun comhlíonadh iomlán an Chóid Chleachtais a chinntiú ag gach céim den phróiseas roghnúcháin. Ba cheart go soláthródh sé sonraí na heagraíochta freisin:

- *Eolas/taithí ar an gCód Cleachtais*
- *Samplaí de chomhlíonadh reatha an Chóid san earcaíocht*

Tabhair sonraí, le do thoil, faoin oiliúint atá déanta (nó atá beartaithe) don fhoireann maidir le comhlíonadh an Chóid Chleachtais

Tabhair sonraí faoi do phróiseas inmheánach gearán/athbhreithnithe le haghaidh feachtais roghnóireachta?

An ndéantar cur síos ar an bpróiseas seo i bhfógraí poist agus/nó i leabhráin d'iarrthóirí? Tabhair sampla le do thoil.

Tabhair breac-chuntas le do thoil ar shonraí na foirne a dhéanann d'athbhreithnithe inmheánacha foirmiúla

Ba cheart go n-áireofaí anseo a ngráid, a gcaidrimh le hearcaíocht agus aon oiliúint a fhaigheann siad.

Cén chaoi a gcuirtear in iúl don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí laistigh de do phróiseas gearán?

6. Cúnamh Seachtrach

An bhfuil sé ar intinn agat úsáid a bhaint as tacaíocht gníomhaireacht earcaíochta fhaofa?

- Tá
- Níl

Má tá, tabhair breac-chuntas le do thoil ar na feidhmeanna a dhéanfaidh tú a fhoinsiú allamuigh chuig an ngníomhaireacht seo

Tabhair faoi deara le do thoil gurb ar an Sealbhóir Ceadúnais sna caidrimh seo atá an fhreagracht deiridh as an gcomórtas

7. Taithí

Tabhair sonraí faoi dhá chomórtas inmheánacha a reáchtáladh le déanaí ag d'eagraíocht. Ba cheart go gcuimseodh na sonraí

- Teideal an Chomórtais agus an bhliain a reáchtáladh é
- Imlíne ar chéimeanna pleanála an chomórtais
- An fhoireann nó na haonaid atá i gceist agus a gcáilíochtaí
- Líon na n-iarratas a fuarthas
- Céimeanna an chomórtais
- Aon iniúchtaí, dearbhú cáilíochta nó seiceálacha imréitigh a dhéantar
- Oiliúint faighte ag baill foirne a bhí páirteach sa phróiseas roghnóireachta
- Comharthaíocht a thabhairt don phróiseas gearán inmheánach agus rogha athbhreithnithe an CPSA
- Aon athbhreithnithe iar-roghnúcháin ar fheidhmíocht feachtais a dhéantar

8. Dearbhú

Cuireann an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 2004 dualgas ar an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a chinntiú go bhfuil dea-chleachtas leanúnach ann in earcaíocht sa tseirbhís phoiblí. Agus é seo á dhéanamh againn iarrfaimid ar iarratasóirí aontú agus cloí leis na nithe seo a leanas:

I. Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis thuas fíor agus geallaim aon téarmaí agus coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le deonú ceadúnais earcaíochta agus na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód Cleachtais a chomhlíonadh.

II. Aontaím cloí agus comhoibriú le haon iniúchadh/scrúdú earcaíochta ag an gCoimisiún faoin gceadúnas seo

III. Tuigim go bhfuilim faoi réir athbhreithnithe rialta earcaíochta faoi aon cheadúnas arna dheonú ag an gCoimisiún

IV. Aontaím freagra tráthúil ar iarratais bhliantúla ar staitisticí earcaíochta agus ar shonraí pleanála fórsa saothair a sholáthar don Choimisiún mar a cheanglaítear faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 2004.

Síniú an tSealbhóra Oifige: _____ Dáta: _____

Cuir aon cháipéisíocht tacaíochta a bhaineann leis an gceist leis seo, le do thoil.